

Céimeanna le glacadh ag scoileanna agus iad ag forbairt gearrchúrsaí don tsraith shóisearach

Agus do scoil ag ullmhú chun gearrchúrsa a fhorbairt moltar duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

Céim 1: Léitheoireacht agus taighde

- Bí cinnte go bhfuil tú eolach ar [Creat don tSraith Shóisearach](#)
- Tabhair spléachadh ar [Ghearrchúrsaí a forbraíodh ag an CNCM](#) go bhfeicfidh tú conas a úsáideadh na treoirlínte agus an teimpléad chun na gearrchúrsaí seo a fhorbairt.
- Léigh an doiciméad aon leathanaigh dár teideal [Ag Smaoineamh ar Ghearrchúrsaí](#)

Céim 2: Smaoinigh ar an ngearrchúrsa atá á mholadh i gcomhthéacs do scoile agus riachtanais agus suimeanna do scoláirí

- Téigh i gcomhairle le baill foirne, scoláirí, tuismitheoirí, ranna ábhair bainteacha agus daoine eile faoin ngearrchúrsa atá tú a mholadh

Céim 3: Breathnaigh ar na hábhair tacaíochta atá ag an CNCM chun gearrchúrsa a fhorbairt

- Léigh Treoirlínte an CNCM le haghaidh gearrchúrsaí a fhorbairt do [Leibhéal 2](#) agus/nó [Leibhéal 3](#) agus [Teimpléad Leibhéal 2](#) agus/nó [Teimpléad Leibhéal 3](#)
- Breathnaigh ar ghearrchúrsaí an CNCM mar eiseamláirí

Céim 4: Bain úsáid as an doiciméad scóipe

- Anois tá tú réidh chun an doiciméad scóipe a fhorbairt le haghaidh [Leibhéal 2](#) agus/nó [Leibhéal 3](#) mar a dtugann tú le cheile na smaointe móra ar fad don chúrsa seo i gcomhar le daoine bainteacha eile i do scoilphobal.
- Seolann an príomhoide an gearrchúrsa nua chuig an CNCM trí r-phost chuig: gearrchúrsa@cncm.ie le haghaidh a athbhreithnithe agus comhairle **SULA** dtéann tú níos faide sa phróiseas. Níor chóir gur faide ná seacht leathanach an fhoirm aighneachta ag tús an doiciméad scóipe agus an doiciméad comhlánaithe é féin.

Céim 5: Déan forbairt, athmhachnamh agus beachtú

- Úsáideann an scoil comhairle an CNCM chun an chead dréacht den ghearrchúrsa a fhorbairt agus seolann príomhoide é sin isteach chuig an seoladh r-phoist céanna
- Déanfaidh an CNCM athbhreithniú ar an dréacht agus arís úsáidfidh an scoil an chomhairle sin chun dréacht deiridh a fhorbairt
- Scríobhann an scoil an dréacht **deiridh** agus cuirtear isteach í chuig an CNCM don athbhreithniú **deiridh**

Comhairle thábhachtach:

- Is smaoineamh maith é scéim phiólótach a dhéanamh leis an ngearrchúrsa – nó codanna de – le grúpa beag scoláirí agus a rath a mheas sula gcuirtear é faoi bhráid ghrúpa níos mó

- Tuairiscíonn scoileanna a d'fhorbair a ngearrchúrsaí féin gur próiseas tairbheach é ach go nglacann sé a lán ama. De réir ár dtaithí le scoileanna thiocfadh leis glacadh **suas le 12 mhí** chun ceann a fhorbairt
- Is fearr gearrchúrsa a fhorbairt i gcomhar le daoine eile. Tugann sé sin seans chun plé a dhéanamh agus na tascanna pleanála a chomhroinnt. Forbraíonn sé freisin cumas na múinteoirí atá bainteach leis chun a ngearrchúrsa a theagasc nuair a bhíonn sé réidh
- Moltar do scoileanna an tacaíocht a fháil chun gearrchúrsa a fhorbairt a chuireann Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) ar fáil.

Formhuiniú Gearrchúrsaí

Ní hé ár bpolasaí é formhuiniú a dhéanamh ar ábhair oideachasúla nó ar 'phacáistí' a bhaineann le gearrchúrsaí, mar sin de iarraidimid ort gan lógó an CNCM a úsáid ar ábhair fhoilsithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo. B'fhéidir gur mhian leat an tacaíocht a thug an CNCM chun an gearrchúrsa a fhorbairt a aithint. Más ea, mholfaimis an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid:

Forbraíodh an gearrchúrsa seo de réir theimpléad agus threoirlínte an CNCM.